2025.S28T

2025J005C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Tíreolaíocht

## Comhleibhéal

Déardaoin 5 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **naoi** gceist ar an bpáipéar seo.

Freagair gach ceist.

Níl na ceisteanna go léir ar cómharc.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsailí dathadóireachta a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ceist 1**

**(a)** Is gníomhaí ar son na timpeallachta í Greta Thunberg. Léigh an tvuít dá cuid thíos faoi dhífhoraoisiú.

**Greta Thunberg** @GretaThunberg

"De réir na sonraí do na chéad chúig mhí den bhliain, tháinig méadú ar na rátaí dífhoraoisithe i gcomparáid leis na rátaí bliain roimhe sin. Scriosadh 2,548 $km^2$ – achar atá breis agus trí oiread níos mó ná cathair Nua-Eabhrac."
Sa Bhrasaíl, tá méadú 67% tagtha ar dhífhoraoisiú san Amasóin i gcomparáid le Bealtaine 2020.



188 1.8K 4.8K

**(i)** De réir na postála thuas, cé mhéad ciliméadar cearnach d'fhoraois a scriosadh? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

1,482 $km^2$ ☐ 2,548 $km^2$ ☐ 3,974 $km^2$ ☐

**(ii)** Cén céatadán de mhéadú a tháinig ar an dífhoraoisiú san Amasóin i gcomparáid le Bealtaine 2020?

**(iii)** Tabhair míniú achomair ar chúis **amháin** a bhfuil an dífhoraoisiú fós ar siúl ina lán áiteanna, Foraois Bháistí na hAmasóine san áireamh.

**(b)** Scrúdaigh an tábla thíos ina dtaispeántar meáchan na n-iasc (ina dtonnaí) a tugadh i dtír ag calafoirt áirithe in Éirinn in 2019, 2020 agus 2021 agus freagair na ceisteanna a leanas.

Meáchan na nIasc (ina dtonnaí) a Tugadh i dTír ag Calafoirt Áirithe in Éirinn in 2019, 2020 agus 2021

| Calafoirt | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Baile Chaisleáin Bhéarra | 34,540 | 34,290 | 31,590 |
| Daingean Uí Chúis | 7,380 | 10,320 | 10,080 |
| Na Cealla Beaga | 197,760 | 229,870 | 203,330 |

**(i)** Cén calafort iascaireachta ar tugadh an líon is mó iasc i dtír aige i ngach ceann de na trí bliana?

**(ii)** Ríomh an líon iomlán iasc a tugadh i dtír ag Calafort Dhaingean Uí Chúis sna blianta 2019, 2020 agus 2021. Bain úsáid as an aonad tomhais ceart i do fhreagra.

Sracobair más gá:

Freagra:

**(iii)** Cé acu de na habairtí seo a leanas is fearr a chuireann síos ar an ró-iascaireacht? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


Tarlaíonn ró-iascaireacht nuair a thógtar éisc amach as an uisce níos tapa ná mar is féidir leo atáirgeadh a dhéanamh. ☐

Tarlaíonn ró-iascaireacht nuair nach dtógann trálaeir níos mó ná a ndóthain iasc ionas nach mbeidh an baol ann go ndíothófar na héisc sa limistéar sin. ☐

**(iv)** Mínigh **dhá** bhealach ina bhféadfadh rialtais an ró-iascaireacht a laghdú.

**Ceist 2**

**(a)** Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** ar an léaráid de thimthriall an uisce leis an téarma ceart sa tábla.




| Téarma | Litir |
|---|---|
| Galú | |
| Rith chun srutha | |
| Frasaíocht | |
| Comhdhlúthú | |

**(b)** Taispeántar san aerfhótagraf thíos Stáisiún Giniúna Eas Chaitlín (Cumhacht Hidrileictreach (CHL)) atá le fáil ar an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Scrúdaigh an fótagraf agus an léarscáil agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart do gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.



**(i)** Cén ceann de na suíomhanna seo a leanas san aerfhótagraf ina bhfuil an loch?

Tulra ar chlé ☐ Tulra ar dheis ☐ Cúlra ar chlé ☐

**(ii)** Cé acu díobh seo a leanas arb í an tagairt eangaí sé fhigiúr cheart do Stáisiún Giniúna Eas Chaitlín (*Cathaleen's Fall Generating Station*) í?

G 898 634 ☐ G 888 613 ☐ G 834 593 ☐

**(iii)** Is sampla é Loch Eas Aodha Ruaidh (*Assaroe Lake*) de loch de dhéantús an duine a cruthaíodh taobh thiar den Stáisiún Giniúna Hidrileictreach. Cé acu díobh seo a leanas arb é an t-ainm ceart ar an gcineál sin locha é?

Taiscumar ☐ Loch ribíneach ☐ Comloch ☐

**(iv)** Cén cineál fuinnimh í an chumhacht hidrileictreach (CHL)?

In-athnuaite ☐ Neamh-in-athnuaite ☐

**(v)** Is cineál fuinnimh in-athnuaite é an grianfhuinneamh.

Fíor ☐ Bréagach ☐


**(c)** Nuair a thógtar damba ar abhainn, féadfaidh sé sin tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha a imirt ar an gceantar máguaird.

Déan plé ar **dhá** thionchar a bhaineann le damba nua agus stáisiún CHL nua a thógáil.

**(d)** Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo. Sa spás atá curtha ar fáil thíos, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas chun an tsracléarscáil de cheantar Bhéal Átha Seanaidh a chomhlánú:

- Loch Eas Aodha Ruaidh (*Assaroe Lake*)
- An N15 ar an taobh ó thuaidh den Éirne
- Stáisiún Giniúna Eas Chaitlín (*Cathaleen's Fall Generating Station*)
- Trá Bhéal Ailt (*Belalt Strand*).


Sracléarscáil de Bhéal Átha Seanaidh



**Ceist 3**

**(a)** Scrúdaigh an léaráid thíos, ina dtaispeántar trasghearradh de chrith talún agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Meaitseáil gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D** ar an léaráid leis an ngné cheart sa tábla.




= treo ghluaiseacht na bplátaí

| Gné | Litir |
|---|---|
| Eipealár | |
| Éasclíne | |
| Fócas | |
| Tonnta turrainge | |

**(ii)** Cén cineál gluaiseachta díobh seo a leanas atá le feiceáil ag an teorainn plátaí sa léaráid? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Sleamhnú ☐ Scaradh ☐ Imbhualadh ☐

**(iii)** Ainmnigh scála **amháin** a úsáidtear chun creathanna talún a thomhas.

**(iv)** Cén t-ainm a thugtar ar na creatháin bheaga a leanann an príomhchrith talún?

**(v)** Mínigh go hachomair an téarma *eipealár*.

**(b)** Scrúdaigh na fótagraif thíos ina dtaispeántar na bealaí éagsúla inar fhreagair daoine ar chreathanna talún agus freagair an ceist thíos.













Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an bhfreagairt is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos. Tá ceann amháin comhlánaithe duit cheana.

| Freagairt | Litir |
|---|---|
| Druileanna do Chreathanna Talún | |
| Criúnna Cuardaigh agus Tarrthála | |
| Foscadh Éigeandála | |
| Ballaí Súnámaí | **D** |

**(c)** **(i)** Ainmnigh suíomh a bhfuil staidéar déanta agat air agus inar tharla crith talún nó brúchtadh bolcánach.

| |
|---|
| |

**(ii)** Ainmnigh **agus** mínigh tionchar geilleagrach **amháin agus** tionchar sóisialta **amháin** atá ag bolcáin agus/nó ag creathanna talún.

| Tionchar geilleagrach: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| Tionchar sóisialta: |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair míniú achomair ar an gcaoi ar féidir le creathanna talún nó le gníomhaíocht bholcánach a bheith ina gcúis le hollghluaiseacht.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

Scrúdaigh an tuairisc thíos ón uair a thug Donncha Ó Ceallacháin cuairt ar champa dídeanaithe sa tSiria in éineacht leis an gcarthanas UNICEF.



Nuair a rinneadh Ambasadóir do UNICEF Éireann de Dhonncha Ó Ceallacháin, chonaic sé lena shúile féin an cúnamh a tugadh do dhaoine as an tSiria arbh éigean dóibh teitheadh as a dtithe de dheasca tubaistí nádúrtha agus cogaíochta.
Le linn a chuairte, dúirt sé "Is é an rud a bhaineann stangadh asam ná na páistí beaga seo a fheiceáil – iad ar comhaois le mo bheirt iníonacha – agus na rostaí beaga bídeacha agus na cnámha beaga bídeacha atá acu, agus dhéanfá rud ar bith a d'fhéadfá a dhéanamh. Tá ár gcúnamh ag teastáil go géar ó na páistí seo."

**(a)** **(i)** De réir na tuairisce, cén tír ar thug Donncha Ó Ceallacháin cuairt uirthi?

| |
|---|
| |

**(ii)** Liostaigh an **dá** thoisc bhrú a luaitear san alt.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

**(iii)** Ainmnigh an cineál cúnaimh a thairgtear do dhaoine díreach i ndiaidh tubaiste nádúrtha nó cogaidh. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Cúnamh forbartha ☐ Cúnamh éigeandála ☐

**(iv)** Roghnaigh an téarma ceart sa bhosca thíos chun gach ceann de na habairtí seo a leanas a chomhlánú. Tá ceann amháin comhlánaithe duit cheana.

| | | |
|---|---|---|
| obair | ~~iarrthóir tearmainn~~ | eisimirce |
| iltaobhach | bac | |

**(a)** Tugtar ____________________ ar imeacht as tír chun maireachtáil i dtír eile.

**(b)** Is toisc gheilleagrach aistriú chuig áit nua sa tóir ar _____________________ .


**(c)** Tugtar <u>iarrthóir tearmainn</u> ar dhuine arbh éigean dó an baile a fhágáil sa tóir ar shábháilteacht nó ar shlándáil.


**(d)** Is ____________________ ar imirce aon rud a choisceann ar dhuine nó a dhíspreagann duine ó dhul ar imirce.

**(e)** Is sampla é UNICEF de ghníomhaireacht chúnaimh ______________________ .

**(b)** San alt, deir Donncha Ó Ceallacháin "Tá ár gcúnamh ag teastáil go géar ó na páistí seo." Mínigh an chaoi a bhféadfadh daoine óga sa domhan atá i mbéal forbartha leas a bhaint as feabhas ar rochtain ar chúram sláinte.

**(c)** Scrúdaigh na píchairteacha thíos ina dtaispeántar an céatadán de dhaoine atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha éagsúla i dTír A agus i dTír B agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.




**(i)** Ainmnigh an earnáil ina bhfuil an céatadán (%) is lú fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha i dtír B?

**(ii)** Ríomh **X**, an céatadán de dhaoine atá fostaithe i ngníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla i dtír A.

| Sracobair más gá: |
|---|
| Freagra: |

**(iii)** Cé acu den dá thír sna píchairteacha ar an leathanach roimhe seo is mó atá forbartha ó thaobh an gheilleagair de? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


Tír A ☐ Tír B ☐

Mínigh fáth **amháin** le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

**(a)** Meaitseáil an litir leis an ngné oighreach atá ainmnithe sa tábla chun an ghreille thíos a chomhlánú. Tá ceann amháin comhlánaithe duit cheana.




| Gné Oighreach | Litir |
|---|---|
| Eiscir | |
| Droimnín | |
| Sprémhá | C |
| Moiréan | |

**(b)** Ainmnigh gné **amháin** a bhaineann le hoighearchreimeadh **agus** mínigh, le cúnamh léaráide lipéadaithe, an chaoi ar cruthaíodh í.

Spás don léaráid lipéadaithe:


**(c)** Tá oighearshruthanna ag leá ar ráta tapa timpeall an domhain agus tugtar le tuiscint i staidéir go bhféadfadh sé go mbeadh oighearshruthanna beagnach imithe ar fad as roinnt sliabhraonta roimh dheireadh an chéid.




Déan plé ar chúis **amháin** a bhfuil oighearshruthanna ag leá ar luas arb ábhar imní é.

**Ceist 6**

**(a)** Scrúdaigh Fíoracha **1** go **4** thíos ina dtaispeántar foirmiú próifíle ithreach forbartha.




**(i)** Meaitseáil gach ceann d'Fhíoracha **1** go **4** thuas leis an gcéim den fhoirmiú sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í. Tá ceann amháin comhlánaithe duit cheana.

| Céim den Fhoirmiú | Fíor |
|---|---|
| Tosaíonn na léaslínte ag foirmiú | **3** |
| Tosaíonn an bhuncharraig ag briseadh síos | |
| Léaslínte sainithe in ithir fhorbartha | |
| Tosaíonn ábhar orgánach ag lobhadh | |

**(ii)** Ainmnigh cineál síonchaithimh a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fhoirmiú ithreach.

| |
|---|
| |

**(b)** Mínigh an chaoi a mbíonn tionchar ag **ceann amháin** de na tosca seo a leanas ar fhoirmiú ithreach.

- Aeráid
- Fásra
- Máthairábhar

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Léigh an t-alt thíos agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**Tá barrithir de dhíth ar an domhan chun 95% dá chuid bia a fhás**



De réir na Náisiún Aontaithe, tá laghdú tagtha ar thorthúlacht na hithreach ar fheirmeacha ar fud an domhain agus an tríú cuid d'ithreacha an domhain díghrádaithe go meánach nó go mór.

Tá diantalmhaíocht, gníomhaíocht thionsclaíoch, dífhoraoisiú agus uirbiú i measc na gcúiseanna atá le creimeadh na hithreach.

Tógann sé na céadta blianta ar na próisis nádúrtha barrithir thorthúil a chruthú agus, dá bhrí sin, beidh fadhbanna ann mura rud é go ndéanfar athruithe ar chleachtais feirmeoireachta agus go bhfaighfear bealaí le hithir a chaomhnú.

**(i)** Cé mhéad d'ithir an domhain atá díghrádaithe go meánach nó go mór?


**(ii)** Liostaigh **dhá** chúis le creimeadh ithreach atá luaite san alt.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

**(iii)** Déan cur síos ar thionchar **amháin** atá ag creimeadh ithreach.

## Ceist 7

**(a)** Scrúdaigh na léaráidí thíos ina dtaispeántar tosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar an aeráid.





**(i)** Scríobh an litir cheart sa tábla thíos chun gach ceann de na léaráidí atá lipéadaithe **A** go **D** a mheaitseáil leis an toisc aeráide is fearr a mheaitseálann í.

| Toisc Aeráide | Litir |
|---|---|
| Deisiúr | |
| Domhanleithead | |
| Gnáthghaotha | |
| Airde | |

**(ii)** Ainmnigh aeráid na hÉireann.

**(iii)** Cén ceann de na tosca sa tábla i gcuid **(i)** a mbíonn an tionchar is mó aici ar aeráid na hÉireann? Cosain do fhreagra.

**(b)** Scrúdaigh an chairt aimsire de chuid Met Éireann thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart do gach ceann de na ceisteanna a leanas.




**(i)** Cé acu díobh seo a leanas a bhfuil tionchar aige ar Éirinn?

Ardbhrú ☐

Lagbhrú ☐

**(ii)** Cad é an brú atmaisféarach atá os cionn an limistéir atá marcáilte le **X**?

1028 mb ☐

1024 mb ☐

1032 mb ☐

**(iii)** Ar an gcairt thuas, cén limistéar brú ina mbeidh frasaíocht níos airde?

Ardbhrú ☐

Lagbhrú ☐

**(iv)** Cé acu de na leibhéil frasaíochta seo a leanas a bhfuil sé tuartha go dtitfidh sé sa limistéar atá marcáilte le **Y**?

0.3 mm – 0.5 mm ☐

3 mm – 6 mm ☐

12 mm – 20 mm ☐

**(v)** Cé acu díobh seo a leanas arb é an t-aonad tomhais don fhrasaíocht é?

Milliméadair (mm) ☐

Milleabair (mb) ☐

**(vi)** Cé acu de na gléasanna seo a leanas a úsáidtear chun frasaíocht a thomhas?

Baraiméadar ☐

Méadar báistí ☐

Ainéimiméadar ☐

**(c)** **(i)** Ainmnigh sampla **amháin** de theagmhas aimsire suntasach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**(ii)** Ainmnigh suíomh a raibh tionchar ag an teagmhas aimsire atá ainmnithe i gcuid **(i)** air.


**(iii)** Mínigh an chaoi ar foirmíodh an teagmhas aimsire atá ainmnithe i gcuid **(i)**. Bain úsáid as léaráid amháin ar a laghad i do fhreagra.

Spás don léaráid:

**Ceist 8**

**(a)** **(i)** Meaitseáil gach ceann de na téarmaí sa tábla thíos leis an ngréasán lonnaíochta sa léaráid is fearr a mheaitseálann é. Tá ceann amháin déanta duit cheana.


| | | | |
|---|---|---|---|
| ~~Leithlisithe~~ | Líneach | Cnuasta/Núicléatach | Scaipthe |




**(ii)** Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Bhéal Átha Seanaidh a thugtar leis an bpáipéar seo. Tabhair tagairt eangaí ceithre fhigiúr do shampla de ghréasán lonnaíochta líní atá le feiceáil ar an léarscáil.

**(iii)** Mínigh go hachomair an fáth a bhforbraíonn gréasáin lonnaíochta líní.

**(b)** Scrúdaigh an graf thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.




| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Ó 1960 i leith, tá níos mó daoine ina gcónaí i limistéir uirbeacha ná mar atá ina gcónaí i limistéir thuaithe. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Bhí níos mó ná billiún duine ina gcónaí i limistéir uirbeacha i réigiúin fhorbartha in 2010. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Táthar ag súil le laghdú ar an daonra tuaithe idir 2010 agus 2040. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Ó 1950 go 2000, is iad na treochtaí a bhí ann ar an iomlán gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhí ina gcónaí i limistéir thuaithe agus méadú ar líon na ndaoine a bhí ina gcónaí i limistéir uirbeacha. | ☐ | ☐ |

**(c)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil níos mó daoine ina gcónaí i limistéir uirbeacha ná mar atá ina gcónaí i limistéir thuaithe.

**Ceist 9**

**(a)** Scrúdaigh na íomhánna thíos de ghníomhaíochtaí geilleagracha éagsúla. Luaigh sa tábla thíos cé acu is sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, thánaisteach nó threasach a thaispeántar i ngach ceann de na híomhánna.










| Litir | Gníomhaíocht Gheilleagrach |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |

**(b)** Scrúdaigh an sliocht as an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

**(i)** Bíonn an tIonad Eolais Turasóireachta i mBéal Átha Seanaidh ar oscailt ar feadh na bliana.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**(ii)** Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don Ionad Eolais Turasóireachta i mBéal Átha Seanaidh.

**(iii)** Cén cineál bóthair é an R231?

**(iv)** Ríomh achar an limistéir, ina km$^2$, a thaispeántar ar an léarscáil.

**(v)** Mínigh bealach **amháin** a raibh tionchar ag tíreolaíocht fhisiceach cheantar Bhéal Átha Seanaidh ar chúrsa an phríomhbhóthair náisiúnta, an N15. Bain úsáid as fianaise ón léarscáil chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Déan plé ar an gcaoi a gcuidíonn tíreolaíocht fhisiceach limistéir le turasóirí a mhealladh go dtí an limistéar sin.







Spás breise le haghaidh freagraí.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás do léaráid(í)

## Admhálacha

### Íomhánna

Íomhá ar leathanach 3: https://twitter.com/GretaThunberg

Íomhá ar leathanach 5: https://www.sieker.de/en/fachinformationen/flood/article/hydrological-modeling-389.html

Íomhá ar leathanach 6: https://www.impartialreporter.com/news/13866817.300000-young-eels-die-at-hydroelectric-dam/

Íomhá ar leathanach 9: https://www.bbc.co.uk/bitesize/guides/zp46sg8/revision/1

Íomhánna ar leathanach 10: https://r3.rappler.com/previous-articles?filterMeta=Earthquake%20Drill agus https://www.theb1m.com/video/japans-400-kilometre-tsunami-shield agus https://www.reuters.com/article/us-turkey-quake-idUSKBN1ZP09Q agus https://www.nationalgeographic.org/article/keeping-hope-alive-haiti/

Íomhá ar leathanach 12: https://www.unicef.org/lebanon/stories/lebanon-emergency-within-emergency

Íomhá ar leathanach 14: http://officersiasacademy.blogspot.com/2016/04/landforms-created-by-glacier.html

Íomhá ar leathanach 16: https://www.nps.gov/articles/bear-glacier-retreat-article.htm

Íomhá ar leathanach 17: https://learn.weatherstem.com/modules/learn/lessons/85/06.html

Íomhá ar leathanach 18: https://spunout.ie/voices/experiences/soil-erosion-simple-solutions-best

Íomhánna ar leathanach 19: https://www.geographyrealm.com/latitude-longitude/ agus https://atmosphericcirculation.weebly.com/britains-weather-and-climate-case-study.html agus https://gamesmartz.com/definitions?definition=5679&altitude&s=80 agus https://www.slideshare.net/MohammedShameemVatto/microclimate-250962985

Íomhá ar leathanach 20: https://www.met.ie/forecasts/atlantic-charts/precipitation-pressure

Íomhá ar leathanach 22: https://opentext.wsu.edu/introtohumangeography/chapter/12-2-rural-settlement-patterns/

Íomhánna ar Leathanach 24: https://www.drive.com.au/news/toyota-wait-times-expected-to-fall-as-it-aims-for-record-production-in-2023/ agus https://www.independent.ie/business/farming/news/farmers-to-get-up-to-1000-to-grow-silage-41608276.html agus https://en.wikipedia.org/wiki/Greystones_railway_station#/media/File:A_DART_train_in_Greystones,_County_Wicklow_-_geograph.org.uk_-_1811056.jpg

Íomhánna ar Leathanach 25: https://www.snow-online.com/skimag/the-10-best-ski-resorts-in-switzerland.htm agus https://www.thetimes.co.uk/travel/experiences/beaches/ agus https://www.takeahike.ie/counties/clare/burren-national-park-white-route-hike-guide/

**Téacsanna**

Sonraí ar leathanach 4: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fl/fishlandings2021/data/

Alt ar leathanach 12: https://www.thesun.ie/news/6674240/donncha-ocallaghan-proud-moment-irish-syrian-refugees-unicef/

Sonraí ar leathanach 13: https://www.statista.com/statistics/382311/nigeria-gdp-distribution-across-economic-sectors/?locale=en agus https://www.statista.com/statistics/375575/ireland-gdp-distribution-across-economic-sectors/?locale=en

Alt ar leathanach 18: https://www.bbc.com/future/bespoke/follow-the-food/why-soil-is-disappearing-from-farms/

Sonraí ar leathanach 23: https://www.researchgate.net/figure/Global-urban-and-rural-population-growth-in-developed-and-underdeveloped-areas-from-1950_fig2_225279192

D’fhéadfadh sé gur athchóiríodh ábhar, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Tíreolaíocht

Déardaoin 5 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:30